C/2025/6718

18.12.2025

Foilsiú na teachtaireachta maidir le leasú caighdeánach formheasta ar shonraíocht táirge le haghaidh tásc geografach i gcomhréir le hAirteagal 5(4) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/27 ón gCoimisiún [1]

(C/2025/6718)

TEACHTAIREACHT MAIDIR LE FORMHEAS AR LEASÚ CAIGHDEÁNACH

(Airteagal 24 de Rialachán (AE) 2024/1143)

'Avellana de Reus'

Uimhir thagartha AE: PDO-ES-0046-AM03 — 23.9.2025

1. **Ainm an táirge**

'Avellana de Reus'

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

☑ ATFC

☐ TGFC

☐ TG

3. **Earnáil**

☑ Táirgí talmhaíochta

☐ Fíonta

☐ Deochanna biotáilleacha

4. **An tír lena mbaineann an limistéar geografach**

an Spáinn

5. **Údarás an Bhallstáit atá ag cur an leasaithe chaighdeánaigh in iúl**

Ainm

An Roinn Talmhaíochta, Beostoic, Iascaigh agus Bia

6. **Cáilíocht mar leasú caighdeánach**

Cáilíonn an leasú formheasta mar leasú caighdeánach toisc nach ndéanann na hathruithe difear don ainm faoi chosaint, nach bhfuil an baol ann go gcuirfidís an nasc ar neamhní leo agus nach bhfuil srianta breise ar mhargú an táirge i gceist leo.

7. **Tuairisc ar an leasú caighdeánach (nó ar na leasuithe caighdeánacha) formheasta**

Teideal

Leasú ar an teorainn ar phíosaí a cheadaítear

Tuairisc

Sa tábla ina leagtar amach na huaslamháltais cháilíochta agus mhéide sa roinn 'Tuairisc ar an táirge' den tsonraíocht, méadaíodh an t-uaschéatadán incheadaithe de 'píosaí' le haghaidh eithní cnónna coill rósta.

[1] Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/27 ón gCoimisiún an 30 Deireadh Fómhair 2024 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle le rialacha a bhaineann le tásca geografacha, sainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht agus téarmaí roghnacha cáilíochta a chlárú agus a chosaint agus lena n-aisghairtear Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 664/2014 (IO L, 2025/27, 15.1.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2025/27/oj).

☑ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

An comhdhéanamh cothaitheach a scriosadh

Tuairisc

Sa roinn 'Tuairisc ar an táirge' den tsonraíocht, scriosadh an mhír maidir le comhdhéanamh cothaitheach na gcnónna coill toisc go leagtar amach inti meánluachanna ó tháblaí cothaitheacha nach saintréith shonrach den táirge a chumhdaítear leis an ATFC iad. Dá bhrí sin, measadh go raibh an fhaisnéis iomarcach.

☑ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Deireadh a chur le srianta ar na coimeádáin a cheadaítear le haghaidh pacáistíocht mhórdhíola

Tuairisc

Sa roinn 'Limistéar geografach' den tsonraíocht, leasaíodh an fhoclaíocht chun a shonrú gur féidir cineálacha éagsúla coimeádán mór a úsáid le haghaidh pacáistíocht mhórdhíola seachas 'málaí móra' amháin.

☑ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Leasú ar an lipéadú sonrach

Tuairisc

Sa roinn 'Lipéadú' den tsonraíocht, cuireadh tagairt do chód arna fhormheas ag an mBord Rialála in ionad na tagartha do lipéad tánaisteach uimhrithe.

☑ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

DOICIMÉAD AONAIR

Ainmniúcháin tionscnaimh agus tásca geografacha i ndáil le táirgí talmhaíochta

'Avellana de Reus'

Uimhir thagartha AE: PDO-ES-0046-AM03 — 23.9.2025

1. **Ainm (nó ainmneacha)**

'Avellana de Reus'

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

☑ ATFC

☐ TGFC

☐ TG

3. **An tír ar léi an limistéar geografach sainithe**

an Spáinn

4. **Tuairisc ar an táirge talmhaíochta**

4.1. *Aicmiú an táirge talmhaíochta i gcomhréir leis an gceannteideal agus leis an gcód Ainmníochta Comhcheangailte, dá dtagraítear in Airteagal 6(1) de Rialachán (AE) 2024/1143*

0802 - Cnónna eile, úra nó triomaithe, cibé acu atá siad scilligthe nó scafa nó nach bhfuil

4.2. *Tuairisc ar an táirge talmhaíochta lena mbaineann an t-ainm cláraithe*

Síol thorthaí an choill (*Corylus avellana* L. agus *Corylus maxima* Mill.) d'fhine Betulaceae. Tá cuid sheachtrach ghlas nó eipeacarp adhmadach ag na torthaí, rud a scarann ó chéile le linn an aibithe. Laistigh de sin bíonn blaosc chrua nó peireacarp ina mbíonn síol de ghnáth: is é sin an cnó coill.

Is iad seo a leanas na cineálacha atá faoi chosaint an ATFC Avellana de Reus: Negreta, Pauetet, Gironella, Morella agus Culplana. Is cineálacha dúchasacha iad uile a fhástar go traidisiúnta sa limistéar geografach.

Déantar an táirge a chumhdaítear leis an ATFC a mhargú sna formáidí seo a leanas:

— cnónna coill sa bhlaosc (amh nó rósta)

— eithní iomlána cnónna coill scilligthe (amh nó rósta).

Ní mór na cnónna coill a thoisiú nó a chriathrú. Is mar a leanas atá an trastomhas nó méid cáithnín le haghaidh gach formáid táirge:

Cnónna coill sa bhlaosc:

— An-mhór: trastomhas nó méid cáithnín ≥ 18 mm

— Mór: trastomhas nó méid cáithnín ≥ 16 mm

Eithní iomlána cnónna coill (scilligthe): trastomhas nó méid cáithnín ≥ 11 mm

Maidir le cnónna coill sa bhlaosc, ceadaítear na huaslamháltais cháilíochta agus mhéide seo a leanas:

Lamháltas cáilíochta (uasmhéid %):

1. Fabhtanna seachtracha (an líon cnónna): 1
2. Fabhtanna inmheánacha (an líon cnónna): 4
3. Ábhar coimhthíoch (de réir meáchain): 0.25

Difríocht sa mhéid (uasmhéid %):

1. An chéad mhéid eile faoi bhun agus/nó os cionn na méide a dearbhaíodh (an líon cnónna): 5

(I gcás cnónna coill sa bhlaosc, ríomhtar na paraiméadair rialaithe ar bhonn líon na gcnónna, seachas an céatadán d'ábhar coimhthíoch, a ríomhtar ar bhonn meáchain.)

I gcás eithní cnónna coill ina n-iomláine:

Lamháltas cáilíochta (uasmhéid % de réir meáchain):

1. Eithní cúplacha: Ceann amháin i gcás cnónna coill amha agus cnónna coill rósta araon
2. Eithní nach bhfuil lánfhorbartha, atá seargtha, loite agus scothbhuí: Dhá cheann i gcás cnónna coill amha agus cnónna coill rósta araon
3. Bréan, lofa, faoi mhúscán, drochbholadh nó drochbhlas orthu, damáiste déanta ag feithidí nó creimirí dóibh: Ceann amháin i gcás an dá chineál
4. Píosaí: 0,5 i gcás cnónna coill amha agus 10 i gcás cnónna coill rósta
5. Damáiste meicniúil déanta: Cúig cinn i gcás cnónna coill amha agus cnónna coill rósta araon
6. Cnónna coill sa bhlaosc, píosaí blaoscanna agus ábhar coimhthíoch: 0,1 i gcás cnónna coill amha agus cnónna coill rósta araon

Difríocht sa mhéid (uasmhéid % de réir meáchain): Cúig cinn i gcás cnónna coill amha agus cnónna coill rósta araon

(I gcás eithní cnónna coill, ríomhtar na paraiméadair rialaithe ar bhonn meáchain.)

4.3. *Maoluithe ar fhoinsiú beatha (i gcás táirgí de thionscnamh ainmhíoch arna n-ainmniú le hAinmniúchán Tionscnaimh faoi Chosaint agus sa chás sin amháin) agus srianta ar fhoinsiú amhábhar (i gcás táirgí próiseáilte arna n-ainmniú le Tásc Geografach faoi Chosaint agus sa chás sin amháin)*

-

4.4. *Céimeanna sonracha táirgthe nach mór a dhéanamh sa limistéar geografach sainithe*

Ní mór cnónna coill a tháirgeadh agus a phróiseáil sa limistéar geografach a shainítear sa roinn iomchuí.

Áirítear leis an bpróiseáil i gcónaí glanadh, aicmiú agus rialú eistreach cáilíochta. Ag brath ar fhormáid an táirge deiridh, áirítear leis freisin scilligeadh agus róstadh.

4.5. *Rialacha sonracha maidir le pacáistiú, sliseadh, grátáil etc. an táirge talmhaíochta dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe*

Ní mór pacáil i gcoimeádáin mhóra (málaí móra) a dhéanamh sa limistéar geografach sainithe chun sainaithint agus inrianaitheacht cheart na mbaisceanna cnónna coill a chumhdaítear leis an ATFC a áirithiú. Féadfar pacáil i bpacáistíocht atá beartaithe don tomhaltóir deiridh a dhéanamh laistigh nó lasmuigh den limistéar geografach sainithe, ach ní mór na cnónna coill ATFC a bheith pacáilte i bpacáistíocht mhórdhíola, i mboscaí, i málaí móra nó málaí comhchosúla agus ní mór iad a shainaithint go cuí sula bhfágann siad an limistéar.

4.6. *Rialacha sonracha maidir le lipéadú an táirge talmhaíochta dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe*

Ní mór an fhaisnéis seo a leanas a léiriú go soiléir ar an bpacáistíocht a úsáidtear le haghaidh cnónna coill a chumhdaítear le ATFC Avellana de Reus, mar aon leis an bhfaisnéis eile a cheanglaítear faoin reachtaíocht is infheidhme:

— ainm ATFC ‘Avellana de Reus’, mar aon leis an téarma ‘Denominación de Origen Protegida’ [‘Ainmniúchán Tionscnaimh faoi Chosaint’] nó ‘DOP’ [‘ATFC’] agus lógó an ATFC féin

— lipéad nó cód tánaisteach uimhrithe arna fhormheas ag comhlacht bainistíochta an ATFC.

Lógó an ATFC féin a atáirgeadh:



4.7. *Sainmhíniú achomair ar an limistéar geografach*

Tá limistéar geografach an ATFC Avellana de Reus suite i gcúige Tarragona, i ndeisceart na Catalóine. Cuimsíonn sé na bardais uile atá suite i gceantair Alt Camp, Baix Camp, Tarragonès, Priorat, Conca de Barberà agus Terra Alta.

5. **Nasc leis an limistéar geografach**

Achoimre ar an nasc

Is saintréith den limistéar geografach ina dtáirgtear agus ina bpróiseáiltear cnónna coill Avellana de Reus é a thír-raon garbh, ina bhfuil airdí ó leibhéal na mara beagnach sna limistéir is ísle go 1 000 m sna limistéir is airde. Tá an ithir cailcreach, sách domhain agus scaoilte, tá uigeacht dúrabháin aici agus tá dath donn éadrom go donn dearg nó ócair uirthi.

Cuireann an talamh, in éineacht leis an aeráid, dálaí oiriúnacha ar fáil chun an coll a fhorbairt. Saintréith den aeráid is ea teochtaí séimhe (meánteocht bhliantúil thart ar 16 °C, íosteocht nach dtiteann faoi bhun 4 nó 5 °C de ghnáth), meánbháisteach bhliantúil idir 400 agus 500 mm, agus gaotha ‘mistral’ láidre (gaoth aniar aduaidh) ó mhí Feabhra go mí an Mhárta a chabhraíonn le pailniú.

Dá réir sin, téann an nasc idir coll a fhás agus an limistéar geografach siar go dtí na Meánaoiseanna. I réigiúin ina labhraítear an Chatalóinis, agus go háirithe i limistéar Tarragona, rinneadh tráchtálú ar na cnónna coill atá á dtairgeadh le 600 bliain anuas ar a laghad. Liostaíodh coiste um thrádáil cnónna coill i measc eagraíochtaí trádálaithe ag Lonja de Barcelona in 1271, agus léiríonn taifid go raibh cnónna coill á bhfás in Alforja in 1287, La Selva del Camp in 1296, agus Vilanova d'Escornalbou agus Duesaigües in 1331. In La Selva del Camp, cuireadh tús le deachú a íoc i dtaca le cnónna coill in 1472; mar sin féin, bhí cáin urghnách á tobhach cheana féin ar an gcnó in 1381. Tá na ceithre bhardas sin mar chuid de limistéar geografach ATFC Avellana de Reus.

Bhí an crann coill, a saothraíodh ar dtús i gcúlchríoch an 'Camp', i bhfad níos forleithne le linn an dara leath den 19ú haois. In 1862, thionóil an comhlachas talmhaíochta 'Institut Agrícola Català de Sant Isidre' cruinniú in Reus agus moladh go gcuirfí coll in ionad na bhfíniúnacha chun dul i ngleic leis an ngéarchéim thalmhaíochta a d'eascair as coincleach fíniúna. Mar gheall ar ráig fiollocsaeire sna 10 mbliana deireanacha den 19ú haois, bhí gá leis an moladh sin. Lean forbairt na mbarr le linn an 20ú haois an treocht bhunúsach a thosaigh ag deireadh an 19ú haois: laghdú ar fhíniúnacha agus méadú mór ar an gcoll agus ar thorthaí agus glasraí eile. Chuaigh 95 % den táirgeacht iomlán ó mhórthír na Spáinne trí Reus, rud a fhágann gurb é Reus an príomhionad trádála.

Faoi na dálaí ithreach, aeráide agus eacnamaíocha sin, atá fabhrach do fhás an choill sa limistéar geografach, is príomhthoisc í taithí an duine san earnáil le 150 bliain anuas. Is amhlaidh atá toisc, go stairiúil, gur fhéach táirgeoirí leis na cineálacha is oiriúnaí agus is táirgiúla a roghnú agus a atáirgeadh ar bhonn éagsúlacht ghéiniteach agus sláinte plandaí, i gcomhréir le dálaí aeráide agus ithreach an limistéir. Sainíodh an chéad aicmiú cnónna coill go soiléir i staidéar cuimsitheach 1922 inar tugadh tuairisc ar 29 gcinn de na príomhchineálacha a fásadh an tráth sin ['Tuairisc ar na cineálacha coill is tábhachtaí a fásadh sa Chatalóin' le A. Trotter agus A. Matons, Arxius de la Escola Superior d'Agricultura, Mancomunitat de Catalunya, 1922].

Roghnaigh na saothróirí áitiúla na cúig chineál a chumhdaítear le ATFC Avellana de Reus ó na cineálacha uile atá dúchasach sa limistéar geografach agus a shaothraítear ann go traidisiúnta toisc gur mheas siad gurb iad na cineálacha is fearr ó thaobh cáilíochta de agus mar gheall ar a gcomhoiriúnacht sa phróiseas pailnithe. Ba cheart a mheabhrú go bhfuil na cineálacha coill féin-chomhoiriúnach: ní mór an bláth baineann de chineál amháin a thoirchiú le pailin de chineál eile.

Mar fhocal scoir, tá an ghné dhaonna sin, atá eagraithe i gcomharchumainn agus i ngrúpaí táirgeoirí, mar aon le tionscal próiseála atá ag cur feabhas i gcónaí ar a phróisis táirgthe agus ar an gcleachtas maidir leis na cineálacha dúchasacha den cháilíocht is fearr a roghnú agus iad a chur in oiriúint don timpeallacht gheografach, ag cur go dlúth le féiniúlacht Avellana de Reus, atá faoi chosaint mar ainmniúchán tionscnaimh ó bhí 1990 ann.

Tagairt leictreonach (URL) d'fhoilsiú na sonraíochta táirge

https://agricultura.gencat.cat/web/.content/al_alimentacio/al02_qualitat_alimentaria/normativa-dop-igp/plecs-vigor/pliego_condiciones-dop_avellana_reus_modificacion2_normal_2025-CAST.pdf